Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7383/26**

**CDR 41**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar triúr comhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar triúr comhaltaí**
**agus beirt chomhaltaí mhalartacha,**
**arna moladh ag Poblacht na hIodáile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na hIodáile,

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíocháin triúr comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Francesco ACQUAROLI éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Luciano Emilio CAVERI agus Luca ZAIA a cheapadh.

(4) Tá suíochán bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Roberta ANGELILLI éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Michele EMILIANO a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na hIodáile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Roberta ANGELILLI, *Assessore della Regione Lazio* (Aire Réigiúnach Réigiún Lazio), Aurelio MARGUERETTAZ, *Consigliere regionale, Consiglio regionale della Valle d'Aosta* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Valle d'Aosta), agus Alberto STEFANI, *Presidente della Regione Veneto* (Uachtarán Réigiún Veneto).

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

(6) Mhol Rialtas na hIodáile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Francesco ACQUAROLI, *Presidente della Regione Marche* (Uachtarán Réigiún Marche), agus Antonio DECARO, *Presidente della Regione Puglia* (Uachtarán Réigiún Puglia),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas , ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhaltaí:

– Roberta ANGELILLI *Assessore della Regione Lazio* (Aire Réigiúnach Réigiún Lazio),

– Aurelio MARGUERETTAZ, *Consigliere regionale, Consiglio regionale della Valle d'Aosta* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Valle d'Aosta),

– Alberto STEFANI, *Presidente della Regione Veneto* (Uachtarán Réigiún Veneto),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

– Francesco ACQUAROLI *Presidente della Regione Marche* (Uachtarán Réigiún Marche),

– Antonio DECARO, *Presidente della Regione Puglia* (Uachtarán Réigiún Puglia).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*